Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Llywodraeth Cymru
Welsh Government

# Ráiteas Comhroinnte
# Na hÉIREANN-Na BREATAINE BIGE 2030

# Clár

02 Ráiteas Comhpháirteach

04 Réamhrá

06 Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Oifigiúil

08 Aeráid, Fuinneamh, Comhshaol agus Inbhuanaitheacht

11 An Geilleagar agus Trádáil

13 Oideachas, Taighde agus Nuálaíocht

15 Cultúr, Teanga agus Oidhreacht

18 Pobail, Diaspóra agus Spórt

# Ráiteas Comhpháirteach

## An Tánaiste Simon Harris T.D. agus Céad-Aire na Breataine Bige Eluned Morgan



© RGET



*© Rialtas na Breataine Bige*

Le cúig bliana anuas, tá creat dinimiciúil maidir le comhoibriú eadrainn á chur ar fáil lenár Ráiteas Comhroinnte na hÉireann-na Breataine Bige, lena gcothaítear caidreamh thar Mhuir Éireann agus lena dtacaítear leis. Agus é ag tógáil ar ár gcaidreamh stairiúil agus saibhir, léirítear leis an Ráiteas uaillmhian chomhroinnte de chuid Rialtas na hÉireann agus na Breataine Bige ár naisc sheanbhunaithe a chur chun cinn agus a neartú, ar leas comhchoiteann ár bpobal.

Leis an Ráiteas Comhroinnte tacaíodh le naisc chomhoibrithe láidre a fhorbairt idir an Bhreatain Bheag agus Éire ar fud roinnt réimsí, ó fhuinneamh in-athnuaite, go naisc oideachais agus taighde, go cosaint a thabhairt dár dTeangacha Ceilteacha agus dá gcur chun cinn, lena dtógtar comhpháirtíochtaí cultúrtha, agus lena dtugtar tacaíocht dár naisc eacnamaíochta agus trádála.

De réir mar a fhorbraíonn ár gcaidreamh, tá sé ríthábhachtach go mbaineann éabhlóid agus oiriúint lenár Ráiteas Comhroinnte. Mar sin, tá áthas orainn go bhfuil ár Ráiteas Comhroinnte na Éireann-na Breataine Bige 2030 scríofa againn lena chéile – creat fadradharcach a bhfuil béim aige ar ghníomh lena gcuirtear treoir láidir ar fáil dár gcomhoibriú as seo go ceann deich mbliana.

Is féidir linn a bheith bródúil as a bhfuil bainte amach againn go dtí seo.

Baineann an-tábhacht le Fóram na hÉireann-na Breataine Bige faoin tráth seo, lena dtugtar Airí, oifigigh, agus príomhpháirtithe leasmhara le chéile chun aird a tharraingt ar chomhoibriú agus chun réimsí ar a leagfar béim amach anseo a shainaithint. Le hathoscailt Ard-Chonsalachta na hÉireann in Cardiff in 2019, agus leis an gcaidreamh oibre láidir idir an tArd-Chonsalacht agus oifig Rialtas na Breataine Bige i mBaile Átha Cliath, tá an teagmháil idir Éire agus an Bhreatain Bheag méadaithe againn. Áirítear leis seo cláir rialta i dtaca le Lá Fhéile Pádraig agus Lá Fhéile David, agus teagmháil idir ár bparlaiminteoirí, lena n-áirítear trí Thionól Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann.

Leis an Ráiteas Comhroinnte nua, cumasófar muid díriú isteach ar phríomhthéamaí agus ar phríomhdhúshláin d'Éirinn agus don Bhreatain Bheag sna blianta amach romhainn.

Áirítear leis seo tacaíocht a thabhairt don chomhoibriú agus don fhoghlaim chomhroinnte maidir le fuinneamh in-athnuaite, go háirithe forbairt scileanna agus slabhraí soláthair. Ina theannta sin, cothóimid naisc thaighde agus nuálaíochta, go háirithe idir ár n-institiúidí acadúla agus taighde. Anuas air sin, beidh tábhacht ar leith ag baint le bheith ag obair le chéile chun tacú le naisc trádála, lena n-áirítear trí athléimneacht ár nasc muirí. Mar aon leis an obair lenár gcomhshaol a chosaint, go háirithe ár gcomhshaol muirí, agus ár n-oidhreacht uathúil nádúrtha agus thógtha. Beidh tábhacht ar leith ag baint le comhoibriú idir ár n-institiúidí cultúrtha agus oidhreachta a neartú freisin, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí cultúrtha, go háirithe i bhfianaise shaibhreas ár gcultúr agus ár dteangacha Ceilteacha.

Cuirimid fáilte roimh thionscnaimh amhail Comhoibriú a Fhorbairt i Muir Éireann (DISC), a bhfuil súil againn gur féidir leis tacú le comhoibriú níos leithne i dtaca le Muir Éireann.

Agus ár gcuid oibre á tabhairt chun cinn againn, feicfimid go gníomhach lenár gcomhoibriú agus ár gcomhar a leathnú go réimsí nua agus cinn atá ag teacht chun cinn. Leanfaimid linn ag teacht le chéile ar bhonn bliantúil ag Fóram na hÉireann-na Breataine Bige chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an Ráiteas Comhroinnte a chur chun feidhme, le cinntiú go seachadtar é, agus chun tosaíocht a thabhairt do réimsí béime atá freagrach don chomhthéacs níos leithne ina mbímid ag obair.

Tugann an caidreamh idir Éire agus an Bhreatain Bheag tacaíocht do chaidreamh láidir na hÉireann-na Ríochta Aontaithe, agus is amhlaidh gurb é caidreamh láidir na hÉireann-na Ríochta Aontaithe a thugann tacaíocht don chaidreamh idir Éire agus an Bhreatain Bheag, mar a léirítear san uaillmhian a leagtar amach i gComhráiteas na Ríochta Aontaithe-na hÉireann 2030, agus an tairbhe a bhaintear as an gComhlimistéar Taistil (CLT). Anuas air sin, tabharfaimid bonn daingean dár gcomhoibriú as a bheith ag obair as lámh a chéile trí chaidrimh institiúideacha Thoir-Thiar láidre, go háirithe Comhairle na Breataine-na hÉireann. Mar a chéile, beidh caidreamh dearfach agus uaillmhianach na Ríochta Aontaithe-an Aontais Eorpaigh ina bhuntáiste don obair faoin Ráiteas.

Mar chomharsana, táimid tiomanta de bheith ag leanúint le comhpháirtíochtaí fadradharcacha a thógáil - a mbeidh luachanna agus uaillmhianta comhroinnte mar bhonn acu - agus á aithint gur mó ar féidir linn a bhaint amach le chéile ná mar a féidir linn inár n-aonair ach amhlaidh a dhéanamh.

Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Céad-Aire na Breataine Bige

# Réamhrá

Léirítear le Ráiteas Comhroinnte na hÉireann-na Breataine Bige 2030 uaillmhian chomhroinnte na hÉireann agus na Breataine Bige comhoibriú a neartú dár leas comhchoiteann, bunaithe ar ár n-oidhreacht chomhroinnte, ár luachanna comhroinnte agus ár spéiseanna comhroinnte, lena dtógtar ar ár ndlúthnaisc duine le duine.

Cuirtear creat gníomhbhunaithe fadradharcach ar fáil leis an Ráiteas Comhroinnte nua seo i dtaca le comhoibriú déthaobhach idir Rialtais na hÉireann agus na Breataine Bige, i réimsí ina bhfuil údarás cineachta ag Rialtas na Breatain Bige. Tógtar leis, agus leathnaítear leis, ar Ráiteas Comhroinnte agus Plean Gníomhaíochta na hÉireann-na Breataine Bige 2021-2025, a comhaontaíodh in Cardiff i mí an Mhárta 2021.

Le Ráiteas Comhroinnte na hÉireann-na Breataine Bige 2030, cuirfear obair chun cinn faoin sé réimsí beartais a comhaontaíodh:

- Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Oifigiúil
- Aeráid, Fuinneamh, Comhshaol agus Inbhuanaitheacht
- An Geilleagar agus Trádáil
- Oideachas, Taighde agus Nuálaíocht
- Cultúr, Teanga agus Oidhreacht
- Pobail, Diaspóra agus Spórt

Ó bhí 2021 ann, rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca le gach réimse den Ráiteas Comhroinnte. Léirítear é seo go háirithe sna Cás-Staidéir a gcuirtear i láthair sa doiciméad seo.

Go háirithe, tá Fóram na hÉireann-na Breataine Bige anois ag croílár na rannpháirtíochta polaitiúla ardleibhéil ar bhonn bliantúil, lena gcumasaítear obair a chur chun cinn sna réimsí éagsúla a leagtar amach sa Ráiteas. Le cúig bliana anuas, tá naisc atá ag fás feicthe againn idir Éire agus an Bhreatain Bheag i réimsí lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite; naisc taighde agus acadúla; cur chun cinn na Breatnaise agus na Gaeilge agus staidéar á dhéanamh orthu; agus comhpháirtíochtaí cultúrtha, lena dtarraingítear aird ar na gnéithe éagsúla de shaol comhaimseartha na hÉireann agus na Breataine Bige.

Tá an dá Rialtas tiomanta de bheith ag obair le chéile chun na naisc seo a choinneáil agus a mhéadú, agus tacaíocht á tabhairt acu ag an am céanna don chomhoibriú i réimsí nua agus cinn atá ag teacht chun cinn. Chuige sin, beidh an creat athnuaite agus uaillmhianach i dtaca le comhoibriú, a leagtar amach idir Éire agus an Ríocht Aontaithe i gComhráiteas na Ríochta Aontaithe-na hÉireann 2030 a comhaontaíodh i mí an Mhárta 2025, mar bhonn faoin obair faoin Ráiteas seo, chomh maith le comhaontuithe lena dtacaítear le caidreamh an Aontais Eorpaigh-na Ríochta Aontaithe. Leanfaimid linn ag obair le chéile faoi na caidrimh institiúideacha Thoir-Thiar láidre a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, lena n-áirítear Comhairle na Breataine-na hÉireann agus Tionól Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann.



*Céad-Aire na Breataine Bige & An Tánaiste © Rialtas na Breataine Bige*

# 1

# Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Oifigiúil

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Bhí rannpháirtíocht pholaitiúil ardleibhéil ina gné thábhachtach den Ráiteas Comhroinnte 2021-2025. Leis an rannpháirtíocht seo, go háirithe an rannpháirtíocht trí Fhóram bliantúil na hÉireann-na Breataine Bige, tugtar móiminteam, treoir agus feiceálacht don chaidreamh agus don obair faoin Ráiteas Comhroinnte. Mar aon leis sin, bíonn rannpháirtíocht rialta idir parlaiminteoirí ina cabhair maidir le caidrimh agus tuiscint a thógáil ar cheisteanna ar ábhar leasa coitinn iad d'Éirinn agus don Bhreatain Bheag araon. Bíonn rannpháirtíocht rialta ag leibhéal oifigiúil ina cabhair freisin maidir le teagmháil inbhuanaithe a thógáil idir comhpháirtithe, agus is féidir léi cabhrú maidir le réimsí comhspéise a shainaithint ar bhealach níos fearr, lena neartaítear comhoibriú agus malartú taithí ag gach leibhéal chun tacú le cur i bhfeidhm an Ráitis Chomhroinnte.

## Cad atáimid ag iarraidh a bhaint amach?

- Teagmháil rialta na nAirí idir Éire agus an Bhreatain Bheag, le Fóram bliantúil na hÉireann na Breataine Bige ag croílár na rannpháirtíochta rialtais ardleibhéil.
- Teagmháil Pharlaiminteach neartaithe.
- Rannpháirtíocht leathan agus suntasach ag leibhéal oifigiúil thar gach réimse comhoibrithe ábhartha.
- Rannpháirtíocht rialtais agus leibhéil oifigiúla rialta trí struchtúir Chomhairle na Breataine-na hÉireann.



*Fóram na hÉireann-na Breataine Bige 2023*
*© Rialtas na Breataine Bige*



*Fóram na hÉireann-na Breataine Bige 2024*
*© Rialtas na Breataine Bige*

## Conas a dhéanfaimid é seo?

- Fóram bliantúil ardleibhéil na hÉireann-na Breataine Bige a chaomhnú agus a neartú, faoi stiúir Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na hÉireann agus Chéad-Aire na Breataine Bige, lena mbaineann rannpháirtíocht ó pháirtithe leasmhara polaitiúla, eacnamaíocha agus cinn níos leithne chun tacú le comhoibriú agus chun deiseanna comhoibrithe amach anseo a shainaithint.
- Tacaíocht a thabhairt do chuairteanna bliantúla na nAirí a bhaineann le Lá Fhéile David agus Lá Fhéile Pádraig.
- Tacaíocht a thabhairt do naisc pharlaiminteacha a neartú, lena n-áirítear trí Thionól Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann (TPBÉ), agus teagmháil rialta idir an tOireachtas agus an Senedd.
- Teagmháil ag leibhéal oifigiúil a neartú i réimsí tosaíochta chun malartú taithí agus dea-chleachtas a chumasú agus chun réimsí comhoibrithe a shainaithint i dtaca le ceisteanna ar ábhar leasa coitinn iad ar fud na Breataine Bige agus na hÉireann.
- Tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú ag leibhéal na n-údarás réigiúnach agus áitiúil chun taithí a roinnt agus naisc a chur chun cinn.
- Rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach a chinntiú trí struchtúir Chomhairle na Breataine-na hÉireann chun réimsí ar ábhar leasa coitinn iad a chur chun cinn.

## Fóram bliantúil na hÉireann-na Breataine Bige

Ba phríomhghealltanas é faoi Ráiteas Comhroinnte na hÉireann-na Breataine Bige 2021-2025 Fóram bliantúil na hÉireann-na Breataine Bige a reáchtáil, faoi stiúir Thánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha na hÉireann agus Chéad-Aire na Breataine Bige.

Agus iad ag malartú idir Éire agus an Bhreatain Bheag, neartaíodh rannpháirtíocht na rialtas le gach Fóram bliantúil lena tugadh tacaíocht, faoi seach, do chaidreamh Éireann na Breataine Bige i gcoitinne.

Agus cruinnithe reáchtáilte in Cardiff, i mBaile Átha Cliath, in Bangor, i gCorcaigh agus in Swansea le cúig bliana anuas, cumasaíodh béim leis an bhFóram ar thopaicí lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite, comhoibriú trádála, nascacht calafort, beartas teanga, agus tacaíocht a thabhairt do naisc acadúla agus taighde. Chuir cuairteanna suímh le gach teacht le chéile bliantúil,lena n-áirítear chuig na calafoirt ag Corcaigh agus Holyhead, chomh maith le moil nuálaíochta agus taighde, lena n-áirítear MaREI (an tIonad Taighde SFI i dtaca le taighde Fuinnimh, Aeráide agus Muirí ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh) agus an M-Sparc (an chéad pháirc eolaíochta eolasbhunaithe sa Bhreatain Bheag, atá ceangailte le hOllscoil Bangor). Ar bhealach suntasach, éascaíodh rannpháirtíocht gach bliain leis an bhFóram le réimse leathan comhpháirtithe – ón saol gnó, an saol acadúil, an saol cultúrtha agus ón diaspóra - atá gníomhach maidir le tacaíocht a thabhairt don chaidreamh idir Éire agus an Bhreatain Bheag.




*Fóram na hÉireann-na Breataine Bige 2024*
*© Rialtas na Breataine Bige*

# 2

# Aeráid, Fuinneamh, Comhshaol agus Inbhuanaitheacht

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Is é athrú aeráide an príomhdhúshlán domhanda dár linne, leis an dá Rialtas aontaithe ar phráinn na gníomhaíochta mar fhreagairt air. Baineann dúshláin chomhchosúla le hÉirinn agus leis an mBreatain Bheag araon maidir le maolú agus oiriúnú i leith an athraithe aeráide, lena dtugtar cosaint dár gcomhshaol agus ár mbithéagsúlacht. Áirítear leis sin ár dtimpeallacht mhuirí sna Mara Éireannacha agus Ceilteacha, chomh maith lenár ngeilleagair a dhícharbónú.

Tá pleananna uaillmhianacha ag Éirinn agus ag an mBreatain Bheag freisin i dtaca le hacmhainní fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt. Lena mbaint amach, ní mór dúinn an lucht saothair oilte a bhfuil gá leis a fhorbairt, chomh maith le slabhraí soláthair éifeachtacha agus bonneagar, le cinntiú go mbíonn cláir ag teacht le tosaíochtaí iompair, muirí agus comhshaoil. Trínár dtaithí a roinnt, is féidir linn tacú le forbairt inbhuanaithe, méadú glas agus an t-aistriú go neodracht aeráide agus geilleagar ciorclach.

## Cad atáimid ag iarraidh a bhaint amach?

» Dea-chleachtas a roinnt go rialta i dtaca lenár dtimpeallacht nádúrtha, ár mbithéagsúlacht, agus ár n-oidhreacht cultúrtha a chosaint agus a athchóiriú, lena n-áirítear oiriúnú agus maolú aeráide, agus gnáthóga a chaomhnú, a athchóiriú agus a chosaint.

» Eolas agus dea-chleachtas a roinnt go rialta i dtaca lenár dtimpeallacht stairiúil agus a sócmhainní a chosaint agus a bhainistiú, idir cinn ar talamh agus faoi uisce araon, lena n-áirítear ó thionchair an athraithe aeráide.

» Rannpháirtíocht rialta i dtaca le cumas fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a fhorbairt – go háirithe mar a bhaineann sé le taighde agus forbairt; slabhra soláthair a mhéadú; scileanna a fhorbairt; agus pleanáil mhuirí maidir lenár dtimpeallacht mhuirí chomhroinnte.

## Conas a dhéanfaimid é seo?

- Ranna rialtais na hÉireann agus na Breataine Bige a thabhairt le chéile, in éineacht le gnólachtaí, chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhoibriú i dtaca le fuinneamh amach ón gcósta agus ar tír, chomh maith le táirgeadh hidrigine, *lena n-áirítear trí Mheamraim Tuisceana na hÉireann-na Ríochta Aontaithe maidir le Comhoibriú ar Aistriú Fuinnimh, ar Fhoinsí Fuinnimh In-Athnuaite agus ar Idirnascadh Leictreachais.*
- Úsáid a bhaint as ár líonraí chun naisc a chothú, agus chun tacú le heagraíochtaí a bhfuil iniúchadh ar bun acu maidir le deiseanna comhoibrithe sna Mara Éireannacha agus Ceilteacha, ar fhuinneamh in-athnuaite, ar thaighde agus forbairt, agus ar shlabhra soláthair a mhéadú.
- Comhoibriú leanúnach ar thionscadail idirnasctha leictreachais mhór-scála idir Éire agus an Ríocht Aontaithe.
- Bealaí a shainaithint chun comhoibriú ar oiliúint i dtaca le scileanna glasa agus ar chláir oideachais ar féidir leis an dá thír leas a bhaint astu.
- Leanúint linn ag obair lena chéile chun eolas a roinnt agus cur chuige a threorú, trí úsáid a bhaint as fóraim sheanbhunaithe le haghaidh rannpháirtíochta ar phleanáil mhuirí, agus trínár gcomhlachtaí rialachais agus rialála muirí faoi seach.
- Comhráite agus idirbheartaíochta a spreagadh maidir le tionscnaimh chun geilleagar ciorclach a chothú.
- Comhoibriú idir ár ngníomhaireachtaí agus seirbhísí nádúir agus oidhreachta a neartú, ag díriú isteach ar chosaint a thabhairt dár n-acmhainní bithéagsúlachta, ár ngnáthóga nádúrtha, agus ár n-acmhainní oidhreachta.
- Comhoibriú leanúnach maidir le tionchar an athraithe aeráide ar ár sócmhainní talún agus muirí a thaifeadadh agus a iniúchadh, chomh maith le dea-chleachtas comhroinnte a fhorbairt agus a chur chun cinn.



*Fóram na hÉireann-na Breataine Bige 2023 © RGET*




*Fóram na hÉireann-na Breataine Bige 2025 © RGET*

## Clár Oibre na bhFoinsí Fuinnimh In-Athnuaite a Chur Chun Cinn

Is tosaíocht é do rialtais na hÉireann agus na Breataine Bige araon giniúint fuinnimh glaine, in-athnuaite a chur chun cinn. Ár mara comhroinnte – is acmhainn ríthábhachtach iad na Mara Éireannacha agus Ceilteacha chuige seo. Le linn thréimhse an Ráitis Chomhroinnte 2021-2025, cuireadh an t-idirnascaire Greenlink idir Loch Garman agus Pembrokeshire i gcrích. Agus an toilleadh ainmniúil aige 380,000 teach a chumhachtú, feabhsaíonn an t-idirnascaire fomhuirí seo slándáil fuinnimh agus tacaíonn sé le fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag.

Ina theannta sin, ba phríomhfhócas ag gach Fóram na hÉireann-na Breataine Bige é léargas agus dearcthaí a roinnt maidir le clár oibre an fhuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. Leis seo, éascaíodh rannpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara ar mhaithe le machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ab fhearr ar féidir linn oibriú le chéile chun tacú le forbairt na gcalafort, na slabhraí soláthair agus na scileanna chun oiread buntáistí agus is féidir a thabhairt don dá thír.

Cumasaíodh muid le Fóraim cloisteáil go díreach ó ghnólachtaí Éireannacha lena n-áirítear ESB, Simply Blue agus DP Energy, a bhfuil infheistíocht á déanamh acu i dtionscadail fuinnimh sa Bhreatain Bheag. Le linn Fhóram 2023, thug na hAirí cuairt ar thionscadal fuinnimh an tsrutha taoide Morlais ar Anglesey i dTuaisceart na Breataine Bige. Agus é á reáchtáil ag Menter Môn, fiontair neamhbhrabúis, is é Morlais an tionscadal toilithe dá leithéid is mó ar domhan, agus cumas giniúna ionchasaigh de 240 MW aige. Is eiseamláir é an tionscadal den chaoi ar féidir le nuálaíocht ag an leibhéal áitiúil infheistíocht idirnáisiúnta a mhealladh.

# 3

# An Geilleagar agus Trádáil

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Tá sreabha trádála ag croílár naisc eacnamaíocha láidre idir Éire agus an Bhreatain Bheag. Is í Éire an tríú margadh luachanna easpórtála is mó do tháirgí Breatnacha[1]. Bíonn tábhacht ar leith ag baint lenár naisc farantóireachta agus ár gcalafoirt i gcónaí i dtaca le nascacht na ndaoine agus na n-earraí araon, agus is cainéal ríthábhachtach iad maidir le hearraí ag teacht isteach chun na Ríochta Aontaithe, agus chun mhargaidh an Aontais Eorpaigh tríd an droichead talún, agus d'earraí Breatnacha ag teacht isteach chun na hÉireann.

Seachas sin, is earnáil straitéiseach ríthábhachtach í an turasóireacht lena mbaineann buntáistí tábhachtacha i dtaca le forbairt náisiúnta agus réigiúnach in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag araon, lena n-áirítear mar a bhaineann sé le fostaíocht shuntasach a chur ar fáil. Agus ár dtaithí á roinnt againn, is féidir linn cabhrú le hinbhuanaitheacht ár gclár agus ár dtairiscintí turasóireachta faoi seach a fhorbairt.

## Cad atáimid ag iarraidh a bhaint amach?

- Comhoibriú eacnamaíoch agus deiseanna eacnamaíocha níos suntasaí in earnálacha ar ábhair leasa coitinn iad.
- Trádáil agus infheistíocht isteach mhéadaithe sa dá bhealach.
- Foghlaim chomhroinnte maidir le tacaíocht a thabhairt do thurasóireacht inbhuanaithe.



*Consal Ginearálta na hÉireann sa Bhreatain Bheag, Denise McQuade, ar cuairt chuig Aerospace Wales le grúpa ó FÉ agus Aerfort na Sionainne, Feabhra 2025 © RGET*



*Fóram na hÉireann-na Breataine Bige 2023 © RGET*

[1] £1.8 bhilliún nó 10.9% - 'Trádáil idirnáisiúnta i dtaca le hearraí Breatnacha: 2024' – Rialtas na Breataine Bige.

## Conas a dhéanfaimid é seo?

- Tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht rialta idir Ranna Rialtais na hÉireann agus na Breataine Bige, chomh maith le gníomhaireachtaí ábhartha, chun líon na ndeiseanna bolscaireachta i dtaca le trádáil agus infheistíocht dhéthaobhach le haghaidh gnólachtaí a mhéadú.
- Tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú ag leibhéal na n-údarás réigiúnach agus áitiúil chun taithí a roinnt agus trádáil, infheistíocht, turasóireacht agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.
- Idirnascacht idir Éire agus an Bhreatain Bheag a neartú, go háirithe maidir lenár gcalafoirt agus ár naisc farantóireachta.
- Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara gnó, le cláir forbartha eacnamaíocha agus le líonraí, lena n-áirítear Comhlachais Trádála, chun naisc ghnó le gnó a fhorbairt tuilleadh.
- Tacú le comhoibriú idir ár n-oifigigh Rialtais agus gníomhaireachtaí turasóireachta faoi seach ar dhea-chleachtas chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail turasóireachta inbhuanaithe.
- Naisc turasóireachta agus bealaí idir ár bpríomh-shuíomhanna cultúrtha agus oidhreachta a chur chun cinn inár dtíortha faoi seach.

## Idirnascacht thar Mhuir Éireann

Tá Muir Éireann ag croílár na nascachta idir Éire agus an Bhreatain Bheag – lena gcumasaítear gluaiseacht earraí, smaointe agus daoine – ar fud ár n-oileán. Chuige sin, baineann tábhacht straitéiseach ar leith leis an mbealach Bhaile Átha Cliath – Holyhead, lena nasctar Éire leis an mBreatain Bheag, an Bhreatain Mhór, agus ar aghaidh chun na hEorpa. Sa lá atá inniu ann, tacaíonn an bealach le breis is céad seoladh gach seachtain, chomh maith le haon trian den trácht lastais Rollta Ann Rollta As idir Éire agus an Bhreatain Mhór.

I mí na Nollag 2024, chuir Stoirm Darragh isteach go suntasach ar Chalafort Holyhead, le damáiste do bhearta ina chúis leis an iliomad dúshlán lóistíochtúla, agus deireadh curtha le gluaiseacht earraí agus daoine thar Mhuir Éireann idir Éire agus Tuaisceart na Breataine Bige dá bharr. Bhí láidreacht na nascachta déthaobhaí idir Éire agus an Bhreatain Bheag mar bhonn faoi bhainistiú rathúil na heachtra, le teagmháil dhlúth agus rialta idir na hAirí Iompair, chomh maith leis an Taoiseach agus an Chéad-Aire. Cuimsítear ionadaíocht Éireannach láidir ar Thascfhórsa Rialtas na Breataine Bige, a bunaíodh chun machnamh a dhéanamh ar athléimneacht Chalafort Holyhead amach anseo. Cé gur leanadh le gluaiseacht earraí agus daoine i rith an ama ar chodanna eile de Mhuir Éireann, leagadh béim leis an eachtra ar an tábhacht a bhaineann le nascacht mhuirí athléimneach ar fud Mhuir Éireann.



*Fóram na hÉireann-na Breataine Bige 2023 © Rialtas na Breataine Bige*

# 4

# Oideachas, Taighde agus Nuálaíocht

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Baineann gnéithe tábhachtacha pearsanta, sochaíocha agus eacnamaíocha leis an oideachas, lena dtacaítear le forbairt phearsanta na ndaoine i ngach earnáil den tsochaí, agus lena gcuirtear lucht saothair agus nuálaithe oilte agus solúbtha ar fáil, atá ríthábhachtach maidir le tacaíocht a thabhairt do rath eacnamaíochta.

Trí oifigigh bheartais, múinteoirí agus oidí múinteoirí a nascadh le chéile, is féidir linn comhroinnt dea-bheartais agus dea-chleachtais a éascú lena mbaineann an t-uasmhéid tionchair do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí araon.

Mar a bhaineann sé le taighde agus nuálaíocht, tá dlúthnaisc chomhoibrithe taighde agus nuálaíochta fhadbhunaithe ann idir Éire agus an Bhreatain Bheag. Éascaíodh gluaiseacht i measc mhic léinn agus acadóirí na Breataine Bige agus na hÉireann leis an gComhlimistéar Taistil. Baineann buntáistí cómhalartacha do shochaithe agus do gheilleagair araon leis an gcomhoibriú idir gnólachtaí agus daoine aonair, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí maoinithe agus iontaobhais charthanachta. Is ann do naisc chomhoibrithe thábhachtacha idir ár n-institiúidí ardoideachais freisin.

## Cad atáimid ag iarraidh a bhaint amach?

» Comhroinnt beartais agus cleachtais rialta, comhoibriú agus rannpháirtíocht idir oifigigh beartais na hÉireann agus na Breataine Bige maidir le hábhair a bhaineann le hoideachas.

» Naisc chomhoibrithe taighde agus nuálaíochta feabhsaithe, lena n-áirítear trí thionscnaimh na hÉireann-na Ríochta Aontaithe, agus Creatchláir Taighde agus Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh.



*Ag Síniú Leabhar Cuairteoirí na hOllscoile in Ollscoil Bangor, 2023 © Rialtas na Breataine Bige*

## Conas a dhéanfaimid é seo?

- Tógfaimid ar chaidrimh idir na Ranna Oideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag, agus déanfaimid iad a fhorbairt, d'fhonn dea-chleachtas a roinnt agus réimsí comhoibrithe agus rannpháirtíochta ar fud na hearnála a shainaithint.
- Rannpháirtíocht a neartú i dtaca le luathfhoghlaim agus forbairt leanaí chun dea-chleachtas agus taithí a roinnt.
- Tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú idir ár n-ionaid acadúla agus taighde, chomh maith le líonraí a bhfuil muid beirt mar bhaill díobh, ar réimsí leasa coitinn agus luacha, chun naisc taighde idir Éire agus an Bhreatain Bheag a chothú.
- Ár bPointí Teagmhála Náisiúnta Fís Eorpach, nó a gcomhionann, a spreagadh, chun oibriú go dlúth lena chéile le glaonna ionchasacha sna Cláir Oibre Fís Eorpach a shainaithint inar féidir lenár bpobail taighde agus nuálaíochta iarratas tionscadail a chomhordú agus/nó páirt a ghlacadh ann.
- Cuir leis an teagmháil idir gníomhaireachtaí maoinithe a thacaíonn le taighde agus nuálaíocht ag leibhéal na hÉireann-na Breataine Bige, agus é seo treisithe le rannpháirtíocht na hÉireann-na Ríochta Aontaithe.
- Comhoibriú ar oiliúint scileanna agus cláir ardoideachais ar féidir leis an dá thír tairbhe a bhaint astu, le béim ar leith ar scileanna Glasa.

## Cibearshlándáil

Tá nuálaíocht dhigiteach agus theicneolaíocht ag croílár an tsaoil laethúil, agus iad ag athrú ó bhonn an chaoi a gcaithimid ár saol, an chaoi a n-oibrímid, an chaoi a bhfoghlaimímid agus an chaoi a ndéanaimid gnó. Mar sin féin, tá sé ríthábhacht go ndearbhaítear go mbíonn ár líonraí digiteacha agus ár mbonneagar sábháilte agus slán ar mhaithe lenár slándáil eacnamaíoch agus ár bhfolláine sochaíoch.

Ceathrú Fóram na hÉireann-na Breataine Bige ag Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM) i gCorcaigh, dírithe ar chibearshlándáil. Ag a háiseanna úrscothacha ag Roinn na Ríomheolaíochta, cuireadh an Tánaiste agus an Chéad-Aire ar an eolas faoi obair OTM maidir le scileanna a fhorbairt agus nuálaíocht a chothú chun slándáil shócmhainní digiteacha na hÉireann a neartú agus faoi athléimneacht a bonneagair chriticiúil. Chomh maith leis sin, ghlac siad páirt i gclár Cyber Innovate OTM in éineacht le mic léinn – clár oiliúna fiontraíochta chun tacú le mic léinn maidir leis an saineolas, na scileanna agus na líonraí a fhorbairt chun gnólachtaí nuathionscanta cibearshlándála a bhunú agus a stiúradh.

Tá malartú cuairteanna in 2024 le Mol Nuálaíochta Cibearshlándála na Breataine Bige, ag Ollscoil Cardiff, agus an Fhondúireacht Alacrity - clár cibearshlándála nuathionscanta lonnaithe in Newport - mar bhonn do chomhpháirtíocht idir na trí institiúidí. Mar thoradh air sin, is baill anois den bhord comhairleach de chuid Cyber Innovate OTM iad ionadaithe ón Mhol Nuálaíochta Cibearshlándála agus ón Fhondúireacht Alacrity.



*Cuairt ar Ionad Rubicon in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Deireadh Fómhair 2024 © RGET*



*Cuairt ar Ionad Rubicon in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Deireadh Fómhair 2024 © RGET*

# 5

# Cultúr, Teanga agus Oidhreacht

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Tá naisc chultúrtha, theanga agus oidhreachta láidre agus seanbhunaithe ag Éirinn agus an Bhreatain Bheag. Ar bhonn domhanda, déanaimid ár bhféiniúlachtaí a cheiliúradh trí bholscaireacht chultúrtha, lena léirítear ár sochaithe athraitheacha trí lionsa comhaimseartha agus cruthaitheach. Sa bhaile, tá na tionscail chruthaitheacha ríthábhachtach go heacnamaíoch agus go sóisialta araon. Tá roinnt dár n-institiúidí cultúrtha náisiúnta agus áitiúla páirteach go gníomhach i dtionscnaimh lena dtacaítear le healaíontóirí, scríbhneoirí, taibheoirí, ceardaithe, caomhnóirí agus comharghrúpaí le dul i mbun comhoibre. Bíonn ceannairí ó institiúidí cultúrtha agus ealaíne ag gluaiseacht gan srian idir Éire agus an Bhreatain Bheag, agus bíonn nasc láidir idir eagraíochtaí pobail agus áitiúla.




*Urdd Gobaith Cymru © Rialtas na Breataine Bige*

Baineann tábhacht ar leith lenár naisc stairiúla, a bhfuil oidhreacht Cheilteach chomhroinnte mar bhonn faoi, i dtaca lenár gcultúr, ár bhféiniúlacht agus ár n-oidhreacht faoi seach. Bíonn dúshláin chomhroinnte againn maidir le húsáid mhéadaithe ár dteangacha a chosaint agus a chur chun cinn laistigh de phobail dhátheangacha níos leithne, chomh maith le tairbhe a bhaint as dul chun cinn gasta i dteicneolaíocht chuige seo.

## Cad atáimid ag iarraidh a bhaint amach?

- Naisc mhéadaithe idir ár n-institiúidí cultúrtha náisiúnta, le tionscnaimh agus comhpháirtíochtaí cultúrtha straitéiseacha a bhforbraítear agus a dtugtar tacaíocht leo, go háirithe maidir leis an gceol, an litríocht agus cineálacha ealaíne eile.
- Caidrimh oibre láidre idir Comhairlí na nEalaíon de chuid na hÉireann agus na Breataine Bige agus idir Ealaíona Idirnáisiúnta na Breataine Bige agus Cultúr Éireann.
- Comhoibriú rialta maidir le húsáid na Gaeilge agus na Breatnaise a mhéadú.
- Comhoibriú maidir le haird agus feasacht a chur chun cinn faoinár stair chomhroinnte agus ár n-oidhreacht inbhraite agus dho-bhraite.




*Seoladh "Taigh Tŷ Teach" de chuid BBC Alba i mBaile Átha Cliath, 2024 © Rialtas na Breataine Bige*

## Conas a dhéanfaimid é seo?

- Comhoibriú chun úsáid na Gaeilge agus na Breatnaise a chur chun cinn faoi scáth ár straitéisí náisiúnta maidir le teangacha, lena n-áirítear trí chláir lena dtacaítear le gach pobal ina mbíonn an Ghaeilge agus an Bhreatnais á bhfoghlaim agus á n-úsáid iontu, agus ar aistriú na Breatnaise agus na Gaeilge ó ghlúin go glúin.
- Comhoibriú leanúnach neartaithe trí líonraí lena gcumasaítear malartú teanga méadaithe agus ina gcuirtear fiontair teanga trasphobail chun cinn.
- Comhoibriú leanúnach ar ábhair leas coitinn sna réimsí cosanta teanga agus bolscaireachta teanga, mar a bhaineann sé le teicneolaíocht dhigiteach san áireamh, lena n-áirítear trí Chomhairle na Breataine-na hÉireann.
- Tacú le hOllscoileanna Breatnacha ina múintear an Ghaeilge.
- Leanúint leis an tacaíocht do Lá Fhéile David agus Lá Fhéile Pádraig.
- Tógáil ar an gcomhoibriú le Comhairlí Ealaíon na hÉireann agus na Breataine Bige, lena n-áirítear an scéim rochtana cultúrtha Uile Ann, clár gluaiseachta Thuaisceart na hEorpa, agus an clár Teorainneacha a Shárú.
- Oibriú ar chomhthionscnaimh chun naisc cultúrtha agus oidhreachta na Breataine Bige agus na hÉireann a chur chun cinn, lena n-áirítear eachtraí ceiliúrtha maidir le hoidhreacht chomhroinnte.
- Tacú le comhpháirtíochtaí cultúrtha straitéiseacha atá dírithe ar cheol, litríocht agus cineálacha ealaíne eile, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí cultúrtha idir ár n-institiúidí cultúrtha faoi seach, amhail Dánlann Náisiúnta na hÉireann agus Amgueddfa Cymru (Músaem na Breataine Bige).
- Tacú le comhpháirtíochtaí oidhreachta straitéiseacha, lena n-áirítear i dtaca le hoidhreacht chultúrtha, séadchomharthaí agus oidhreacht ailtireachta, chomh maith le naisc a chothú idir Ard-Mhúsaem na hÉireann agus an Amgueddfa Cymru, mar aon le Cartlann Náisiúnta na hÉireann agus Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige agus Cartlann Náisiúnta na Ríochta Aontaithe.




*Amairgin an Gael (Comhaltas na Breataine Bige Theas), Lá Fhéile Pádraig, 2025 © RGET*



*Catrin Finch agus Aoife Ni Bhriain beo in Ambasáid na hÉireann, Londain, 2023 © RGET*

## Ag Tacú le Comhoibriú Ceoil

Ba bhuaicphointe ar leith é naisc cheoil idir Éire agus an Bhreatain Bheag a neartú faoin Ráiteas Comhroinnte. Cumasaíodh tuilleadh ealaíontóirí Éireannacha a saothar a chur i láthair ag ionaid agus féilte ar fud na Breataine Bige a bhuí le tacaíocht ó Chultúr Éireann, lena n-áirítear an Eisteddfod Náisiúnta, Green Man agus Focus Wales.

Ó athosclaíodh í in 2021, tá naisc láidre tógtha ag Ard-Chonsalacht na hÉireann sa Bhreatain Bheag le roinnt grúpaí, lena n-áirítear Comhaltas Newport - *Amairgín the Gael* - an t-aon chraobh Chomhaltas de chuid na Breataine Bige. Leis na taispeántais, cuireadh oidhreacht cheoil shaibhir na hÉireann i láthair, agus cuirtear obair na craoibhe maidir le ceol traidisiúnta na hÉireann a mhúineadh do ghlúin seinnteoirí úr os comhair an phobail gach bliain ag seisiúin le haghaidh Lá Fhéile Pádraig agus Lá Fhéile Stiofáin. Mar a chéile, bíonn an Ferryside Piping Festival of the Pibyddion Uilleann Cymru (Píobairí Uillinn na Breataine Bige), ag dul i méad i gcónaí agus is ócáid rialta anois é.

Ba bhuaicphointe le blianta beaga anuas é *Other Voices* Cardigan. Le linn deireadh seachtaine éigin gach fómhar, tugtar beocht do bhaile Cardigan le ceol na hÉireann agus na Breataine Bige; agus *Other Voices* i nDaingean Uí Chúis ar imeall Atlantaigh na hÉireann mar inspioráid aige. Is léiriú beoga ar ar féidir le comhoibriú dá leithéid a bhaint amach é an comhshaothar idir an fidléir Éireannach Aoife Ní Bhrian agus an cláirseoir ón Bhreatain Bheag Catrin Finch. Agus iad curtha os comhair an phobail trí *Other Voices* ar dtús, fuair a n-albam "Double You" ardmholadh ó na léirmheastóirí nuair a eisíodh é i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus tá ceolchoirmeacha déanta acu lena chéile in Éirinn, sa Bhreatain agus go domhanda ó shin.

# 6

# Pobail, Diaspóra agus Spórt

## Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach?

Bíonn deiseanna comhchosúla agus dúshláin chomhchosúla os comhair phobail ar fud na hÉireann agus na Breataine Bige, mar a bhaineann sé le ceisteanna sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil. D'fhéadfaí go mbainfí buntáistí inaitheanta le taithí agus cur chuige a roinnt ar na ceisteanna sin, ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha, mar a bhaineann sé le cabhair a thabhairt do phobail méadú agus a bheith faoi bhláth i dtimpeallachtaí athraithe. Ina theannta sin, feicimid luach inaitheanta i dtaca le daoine óga a nascadh ar fud na n-oileán seo chun taithí a roinnt ar cheisteanna ar ábhair leasa coitinn iad agus chun tuiscint a thógáil idir eatarthu araon.

Seachas sin, tá croí na Breataine Bige agus na hÉireann araon istigh sa spórt - ó bhunleibhéal spórt an phobail chuig an scothleibhéal proifisiúnta. Agus aitheantas á thabhairt againn do chumas an spóirt daoine a nascadh san iliomad bealaí éagsúla, déanfaimid iniúchadh ar dheiseanna chun oibriú le chéile ar thionscadail spórt chomhroinnte.

I gcás na hÉireann agus na Breataine Bige is ionann ár ndiaspóraí faoi seach agus leathnú tábhachtach ar ár líonra agus ár dtionchar ar fud an domhain. Beidh sé ina chuid thábhachtach dár gcuid oibre i gcónaí taithí a roinnt lena chéile maidir leis an mbealach is fearr chun tacú lenár bpobail dhomhanda agus chun dul i mbun rannpháirtíochta leo.

## Cad atáimid ag iarraidh a bhaint amach?

- Rannpháirtíocht láidir leanúnach lenár bpobail dhiaspóra in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag faoi seach, chomh maith le tacaíocht a thabhairt leo, ag an leibhéal réigiúnach san áireamh.
- Foghlaim chomhroinnte i dtaca le beartas agus cleachtas folláine.
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir ár n-eagraíochtaí óige faoi seach.
- Naisc agus líonraí neartaithe idir eagraíochtaí spóirt, chomh maith le trí ollimeachtaí spóirt.




*An Consal Ginearálta Denise McQuade le Corn Shomhairle (Sam) Mhig Uidhir agus baill de CLG Naomh Colmcille Caerdydd 2025 © RGET*

## Conas a dhéanfaimid é seo?

- Malartú eolais rialta ar bheartas diaspóra, agus foghlaim ina leith, a chinntiú, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt dár bpobail dhiaspóra i dtríú tíortha.
- Leanúint le teagmháil rialta a chaomhnú idir Coimisinéir na nGlúnta Amach Romhainn de chuid na Breataine Bige agus lucht déanta beartas na hÉireann a bhfuil freagracht orthu i dtaca le Creat Folláine na hÉireann chun oideachas agus dea-chleachtas a roinnt mar a bhaineann sé le 'Beyond GDP' agus le ceapadh beartas do na glúnta amach romhainn.
- Tacú le tionscnaimh lena n-éascaítear comhoibriú idir eagraíochtaí óige na Breataine Bige agus na hÉireann.
- Comhoibriú chun dea-chleachtais a roinnt sna réimsí ionchuimsithe, d'fhonn rannpháirtíocht agus ionchuimsiteacht i gcúrsaí spóirt a mhéadú chun torthaí sláinte agus folláine níos leithne a chur chun cinn ar fud na sochaí.
- Forbairt na gCluichí Gaelacha sa Bhreatain Bheag a spreagadh.
- Leas a bhaint as ollimeachtaí spóirt (lena n-áirítear ollimeachtaí spóirt idirnáisiúnta amhail Comórtas Sacair na hEorpa UEFA 2028 agus imeachtaí eile cosúil le comórtais bhliantúla rugbaí na mban agus na bhfear) chun naisc mhéadaithe a thógáil idir Éire agus an Bhreatain Bheag, go háirithe sna réimsí turasóireachta, trádála agus bolscaireacht cultúrtha. Comhoibriú méadaithe a lorg maidir le hollimeachtaí spóirt a óstáil.



*Nigel Owens ag an imeacht 'Buntáiste na Breataine Bige', Baile Átha Cliath, 2024 © Rialtas na Breataine Bige*



*An Bhreatain Bheag v Éire, Cluiche de chuid na Sé Náisiún d'Fhir, 2023 © RGET*




*Teach Tábhairne Vulcan, Amgueddfa Cymru*
*© Nathan Roach/Coal Poet Media*



*Píopaí Uilleann ag Teach Tábhairne Vulcan, Amgueddfa Cymru*
*© Nathan Roach/Coal Poet Media*

## Rannpháirtíocht Phobail

I bhfianaise ár gcóngaracht tíreolaíochta, ní haon ionadh é gur féidir daoine de shliocht na hÉireann a aimsiú i ngach cuid de shaol na Breataine Bige. Thaisteal na Breatnaigh go fada fairsing freisin, á lonnú i measc phobail ar fud na cruinne. I bhfianaise ár dtaithí faoi seach leis an eisimirce, ba chuid thábhachtach dár gcuid oibre faoin Ráiteas Comhroinnte é foghlaim a roinnt i dtaca leis an gcaoi is fearr chun tacú lenár bpobail thar lear agus chun dul i mbun rannpháirtíochta leo, agus é seo mar bhonn eolais d'fhorbairt beartas.

Sa Bhreatain Bheag, tarraingíodh na mílte Éireannach go Cardiff le forbairt na ndugaí i lár an naoú haois déag. Mar gheall ar an bplódú isteach seo, b'Éireannaigh iad 40 faoin gcéad de na daoine in Cardiff tráth, agus thugtaí 'Éire Bheag' ar Newtown. Rinneadh athfhorbairt shuntasach ar an gceantar sna 1970idí, leis an Óstán Vulcan - foirgneamh deireanach an cheantair a bhí fágtha - ag feidhmiú mar ionad cruinní don phobal ó 1853 i leith. In 2012, baineadh an Vulcan anuas agus atógadh é ag Músaem Náisiúnta na Staire Naomh Fagan. Rinne Ard-Chonsalacht na hÉireann, agus Músaem Náisiúnta na Breataine Bige, athoscailt an Vulcan a chomóradh le baill de phobal na hÉireann i mí Iúil 2024. Ina shuíomh nua ag Naomh Fagan, tá naisc láidre agus ionchur na hÉireann go Cardiff le feiceáil go soiléir.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

ireland.ie